2028L225C2IS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Coimre Shamplach

Corpoideachas

Coimre don Tionscadal Corpoideachais

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

300 marc

1. Eolas d'iarrthóirí, do mhúinteoirí agus d'údarás na scoile

Tá dhá chomhpháirt sa mheasúnú a dhéantar ar Chorpoideachas san Ardteistiméireacht:

1. Scrúdú scríofa deiridh
2. Tionscadal Corpoideachais

Is fiú 300 marc an Tionscadal Corpoideachais, is é sin 50% de na marcanna iomlána don Chorpoideachas san Ardteistiméireacht. Is as an scrúdú scríofa deiridh a bhronntar na 300 marc (50%) eile.

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh go hiomlán de réir na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha atá leagtha amach sa choimre oibre cúrsa seo agus i Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an mhúinteora ranga agus cuirfear faoi bhráid CSS ansin í (**Roinn 3**).

An próiseas fíordheimhniúcháin

Tá an próiseas fíordheimhniúcháin curtha i bhfeidhm ag CSS chun **sláine an phróisis scrúdaithe** agus **cothroime agus cothromas idir iarrthóirí** a chinntiú. Tá freagracht ar an iarrthóir, ar an múinteoir ranga agus ar údarás na scoile a chinntiú gurb é an t-iarrthóir a ullmhóidh an obair chúrsa go leanúnach agus gurb í obair fhíordheimhneach an iarrthóra sin a chuirfear faoi bhráid CSS ar deireadh. Tá eolas cuimsitheach i Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS faoin bpróiseas fíordheimhniúcháin agus ní foláir an t-eolas sin a léamh agus déanamh dá réir.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na hiarrthóirí taighde mar chuid den obair chúrsa. Ionas go ndéanfaidh na hiarrthóirí go hiomlán de réir Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS, ní foláir dóibh tagairt a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt dá bhfoinsí taighde, aon úsáid a bhaintear as Intleacht Shaorga ina measc, mar a leagtar amach **in Aguisíní 1 agus 2** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Measfar gur bradaíl aon ábhar nárbh é/í an t-iarrthóir a rinne é agus nach ndearnadh tagairt mar is ceart dó. Meastar gur falcaireacht é sin. Is sárú é sin ar rialacháin agus déanfaidh CSS imscrúdú air – féach **Roinn 18** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Is faoin iarrthóir, faoin múinteoir ranga agus faoi údarás na scoile a chinntiú gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí a chuirfear faoi bhráid CSS.

Is éard atá sa choimre seo ná an t-eolas agus na riachtanais a bhaineann go sonrach leis an ábhar chun an Tionscadal Corpoideachais a dhéanamh.

2. An tuairisc dhigiteach a chruthú

Is ortsa mar iarrthóir atá an fhreagracht do dhoiciméad digiteach a chruthú agus a bhainistiú chun an tuairisc a dhéanamh. Cuireann CSS leathanach cumhdaigh ar fáil i bhformáid Microsoft Word (.docx) agus is féidir é sin a íoslódáil.
Ní foláir duit an leathanach cumhdaigh CSS a líonadh leis an eolas ábhartha go léir agus é a chur isteach mar an chéad leathanach de do dhoiciméad. Ní sholáthraíonn CSS aon leabhrán cur isteach ná aon teimpléad le haghaidh na tuairisce; mar sin, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil struchtúr agus formáid do thuairisce de réir na dtreoracha sa choimre seo (féach **Ranna 2**, **3** agus **6** thíos).

Ní foláir an leagan deiridh den doiciméad a thiontú go PDF sula gcuirfear faoi bhráid CSS é. Féadfaidh tú aon bhogearra próiseála focal oiriúnach a úsáid chun do thuairisc a dhéanamh, ar choinníoll gur féidir leis an doiciméad a thiontú go PDF agus é críochnaithe. Moltar go mór duit cóip chúltaca a dhéanamh de do thuairisc dhigiteach agus í a uasdátú go rialta ionas gur féidir leat í a úsáid má chailltear nó má thruaillítear an bhunchóip.



Rialacha formáidithe na tuairisce
Ní foláir duit cloí leis na rialacha formáidithe seo a leanas sa tuairisc a dhéanfaidh tú:

Ceannteidil na ranna	Ba chóir gach roinn a shainaithint go soiléir agus a thosú ar leathanach nua den tuairisc. Ba chóir an cló seo a leanas a úsáid sa cheannteideal: Arial, dubh, méid 14 agus trom. Féach **Roinn 6** le haghaidh ainmneacha ceannteidil na ranna.
Téacs an phríomhchoirp	Arial, dubh, méid 12 agus spásáil 1.5 idir na línte.
Gnéithe eagarthóireachta téacs atá ceadaithe	Trom, iodálach, uimhriú, agus urchair.
Gnéithe eagarthóireachta téacs **nach bhfuil** ceadaithe	Téacs daite (téacs dubh amháin), téacs aibhsithe, clónna éagsúla (Arial amháin).
Treoshuíomh na leathanach	Portráid amháin.
Uimhriú na leathanach	Bun gach leathanaigh sa lár.
Imill na leathanach **Níor chóir aon obair a bheith sna himill mar go bhféadfadh sé nach mbeadh sí le feiceáil ag scrúdaitheoir.**	Imeall ar chlé 20 mm Imeall ar dheis 20 mm Imeall ar an mbarr 20 mm Imeall ar an mbun 20 mm
Íomhánna, táblaí, graif	Féach **Roinn 4.**

Tá líon focal leagtha síos don tuairisc agus ní foláir cloí leis sin. Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna má chuireann tú isteach ábhar a bhfuil níos mó na an líon focal ceadaithe air.

3. An tuairisc ar an obair chúrsa agus ábhar taifeadta a chur isteach

Nuair a bheidh do Thionscadal Corpoideachais (an tuairisc agus an t-ábhar taifeadta) déanta agat ar an dáta deiridh nó roimhe, ní foláir duit déanamh de réir na gcéimeanna seo a leanas:

1. Tiontaigh do thuairisc ina PDF. Is féidir é sin a dhéanamh ar fhormhór na mbogearraí próiseála focal.
2. Priontáil an leagan PDF de do thuairisc agus léigh mar phrofa é chun a chinntiú go bhfuil do chuid oibre go léir le feiceáil. Aon obair nach mbeidh le feiceáil ar an gcóip phriontáilte sin, ní bheidh sí le feiceáil ag scrúdaitheoirí agus iad ag marcáil na hoibre go digiteach agus ní féidir aon mharcanna a bhronnadh uirthi mar sin.
3. Nuair is gá, úsáid tiontaire ar chaighdeán maith chun do thaifeadtaí digiteacha a thiontú go formáid MP4. Is é H.264 an cóideic a mholtar le haghaidh comhaid MP4 agus tugtar breis eolais faoi na riachtanais atá ag comhaid MP4 i Roinn 5.
4. Seiceáil an t-ábhar a thaifead tú**.** Seinn na comhaid MP4 ina n-iomláine lena chinntiú go bhfuil an taifead iomlán ann, é ar ardchaighdeán, agus é go hiomlán le feiceáil. Nuair a iarrtar a leithéid, cinntigh go bhfuil na comhaid MP4 inchloiste go hiomlán agus go bhfuil aon fhotheidil a chuirtear orthu soiléir agus gan iad ag ceilt aon chuid den radharc ar an taifeadadh. Ní bheifear in ann marcanna a bhronnadh ar aon chuid den ábhar taifeadta nach mbeidh rochtain ag na scrúdaitheoirí air.
5. Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an chóip PDF den tuairisc atá priontáilte agat agus an t-ábhar taifeadta críochnaithe, ba chóir duit fillteán a chruthú agus an PDF agus na comhaid MP4 a chóipeáil isteach san fhillteán sin. Ba chóir duit an fillteán ina bhfuil na comhaid riachtanacha a chur faoi bhráid do mhúinteora ranga ansin. Gach bliain, eisíonn CSS ciorclán maidir le Tairseach na Scoileanna, ciorclán ina leagtar amach an chaoi ar chóir duit do chomhad PDF, na comhaid MP4 agus d'fhillteán a ainmniú i gceart. Féadfaidh tú dul i gcomhairle le do mhúinteoir ranga faoin gcaoi le hé seo a dhéanamh.
6. Ba chóir d'údarás na scoile leagan priontáilte de do thuairisc dheiridh chomh maith le cóipeanna digiteacha den tuairisc agus den ábhar taifeadta a choinneáil go sábháilte go dtí deireadh an phróisis achomhairc.
7. Ní foláir duit an próiseas fíordheimhniúcháin a chur i gcrích chun a dheimhniú gurb í d'obair dhílis féin atá sa tuairisc ar an obair chúrsa atá á cur isteach agus, chuige sin, Foirm Fíordheimhniúcháin CSS, P.2, a shíniú. Cuirfidh do mhúinteoir ranga an fhoirm sin ar fáil duit. Síneoidh do mhúinteoir ranga agus príomhoide na scoile an fhoirm sin freisin chun a dheimhniú go ndearna tú de réir an phróisis fíordheimhniúcháin.
8. Cuirfidh údarás na scoile do chuid oibre cúrsa faoi bhráid CSS trí Thairseach na Scoileanna. Gach bliain, eiseoidh CSS ciorclán ina mbeidh eolas sonrach ar na hábhair a gcuirtear an obair chúrsa lena n-aghaidh isteach go digiteach trí Thairseach na Scoileanna.

Achoimre ar na céimeanna chun do thuairisc ar obair chúrsa a dhéanamh agus a chur isteach



4. Plé le do Thionscadal Corpoideachais

Tá an Tionscadal Corpoideachais ceaptha le go mbeidh deis agat fianaise a léiriú ar a bhfuil foghlamtha agat sa Chorpoideachas. Le haghaidh an Tionscadail Corpoideachais, beidh ort imscrúdú, anailís, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhchoincheapa a shonraítear sa choimre seo.

Nuair a bheidh do thionscadal críochnaithe agat, cuirfidh tú do thuairisc ar an tionscadal agus an t-ábhar taifeadta a ghabhann leis faoi bhráid CSS.

Agus tú ag obair ar do thionscadal, ba chóir duit plé go leanúnach le do thuairisc ar an tionscadal. Ba chóir duit do thuairisc ar an tionscadal a úsáid chun fíorchuntas a thabhairt ar an obair a rinne tú ar do thionscadal chomh maith le fianaise a thabhairt ar an gcaoi ar phléigh tú leis ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

Beidh ort dul trí na cúig chéim seo a leanas chun do Thionscadal Corpoideachais a dhéanamh:

Céim 1: An Choimre a iniúchadh

Céim 2: Plean a fhorbairt chun plé leis tuilleadh

Céim 3: Plé go praiticiúil leis an bplean

Céim 4: Anailís agus meastóireacht

Céim 5: An tionscadal a chur i láthair

Chun tuilleadh eolais agus eolas níos mionsonraithe a fháil faoin Tionscadal Corpoideachais agus faoi Chéimeanna 1 – 5, féach na Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Tionscadail Corpoideachais de chuid CNCM.

Ní mór duit do Thionscadal Corpoideachais a dhéanamh de réir na sonraí a thugtar i **Roinn 5**.

Chun na príomhchoincheapa ábhartha a iniúchadh, ba chóir duit gníomhaíochtaí coirp oiriúnacha a roghnú ón liosta thíos.

Gníomhaíochtaí Coirp	
Lúthchleasaíocht	Imeachtaí reatha, imeachtaí caithimh, imeachtaí léime
Ealaín agus Aeistéitic	Gleacaíocht, damhsa
Uiscíocht	Buillí snámha, póló uisce, snámh comhuaineach
Gníomhaíochtaí Eachtraíochta	Treodóireacht, cadhcáil, dreapadóireacht laistigh le rópa, rámhaíocht uisce, rothaíocht (bhóthair/sléibhe)
Cluichí – Ionradh	Peil Ghaelach (na bhfear / na mban), iománaíocht/camógaíocht, sacar, rugbaí, cispheil, haca, líonpheil, liathróid láimhe Oilimpeach
Cluichí – Eangach/Balla	Badmantan, leadóg, eitpheil, leadóg bhoird, liathróid láimhe CLG, scuais
Cluichí – Bualadh/Gabháil	Cruicéad, bogliathróid, cluiche corr
Cluichí – Sprioc	Galf

Gan beann ar na gníomhaíochtaí coirp a roghnaíonn tú, ba chóir an cur i bhfeidhm agus an anailís a bhunú ar na príomhchoincheapa ábhartha, mar a shonraítear i **Roinn 5**.

5. Topaic le haghaidh an Tionscadail Corpoideachais – Sampla

Comhlánaigh an Tionscadal Corpoideachais agus cuir isteach tuairisc ar an tionscadal bunaithe ar an méid seo a leanas:

Is iomaí gné atá i gceist leis an bhfeidhmíocht spóirt agus í ag brath ar réimse príomhchoincheap, lena n-áirítear; ardfheidhmíocht scile, comhpháirteanna éagsúla den chorpacmhainn, agus cothú a fheabhsú a oiread agus is féidir.



Maidir le gníomhaíocht coirp **amháin** atá roghnaithe agat ón liosta a tugadh i **Roinn 4**, déan imscrúdú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag na príomhchoincheapa sin ar an bhfeidhmíocht spóirt.

Ba chóir díriú i d'imscrúdú ar **gach ceann** de na nithe seo a leanas maidir leis an ngníomhaíocht coirp atá roghnaithe agat:

- An tionchar a bhíonn ag **trí** scil **ar a mhéad** (scileanna a bhaineann go sonrach leis an spórt ón ngníomhaíocht coirp atá roghnaithe agat) ar an bhfeidhmíocht
- An méid a chuireann **trí** chomhpháirt éagsúla den chorpacmhainn (i gcomórtas lena chéile) leis an bhfeidhmíocht
- Cúinsí cothúcháin i gcomhair na feidhmíochta.

Is iad na coincheapa teoiriciúla agus na príomhchoincheapa a bhaineann leis an topaic seo ná:

Scil – trí scil ar a mhéad (scileanna a bhaineann go sonrach leis an spórt ón ngníomhaíocht coirp atá roghnaithe agat)

Corpacmhainn – trí chomhpháirt éagsúla den chorpacmhainn

Cothú – cúinsí cothúcháin ábhartha.

Plé le Gníomhaíocht Coirp a bhaineann leis an topaic seo:

Ba chóir fianaise a thabhairt mar a leanas gur pléadh le gníomhaíocht coirp **amháin**:

- Físeán a thabhairt de thaispeántas den ghníomhaíocht coirp a roghnaíodh (2 nóiméad ar a mhéad)
- I bhfianaise an taispeántais san fhíseán atá tugtha agus sonraí ábhartha eile atá bailithe agat;
    - Déan anailís ar an tionchar atá ag cleachtadh scileanna (trí scil ar a mhéad) ar an bhfeidhmíocht
    - Déan imscrúdú ar an méid a chuireann na trí chomhpháirt den chorpacmhainn atá roghnaithe agat (i gcomórtas lena chéile) leis an bhfeidhmíocht
    - Déan meastóireacht ar na cúinsí cothúcháin i gcomhair na feidhmíochta.

An fhianaise físeáin a theastaíonn chun an topaic seo a dhéanamh:

- Ní mór duit físchomhad **amháin** a chur isteach mar fhianaise ar ghnéithe ábhartha den fheidhmíocht sa ghníomhaíocht coirp atá roghnaithe agat, mar a shonraítear sa roinn seo agus i **Roinn 6** agus **níor cheart dó a bheith níos faide ná 2 nóiméad**.

6. Ábhar agus struchtúr na Tuairisce ar an Tionscadal Corpoideachais – Sampla

Ó thaobh struchtúir de, ba chóir cúig roinn a bheith i do thuairisc mar a leagtar amach thíos agus luaitear líon focal garbh le gach ceann acu. Ba chóir duit na cúig cheannteideal roinne seo a chur i do thuairisc. Sonraítear ábhar cuí le cur i ngach roinn thíos agus tugtar leithdháileadh na marcanna ansin.

Roinn A: Réamhrá agus athbhreithniú ar na coincheapa teoiriciúla

(thart ar 100 focal)

A leithéid seo de bhreithnithe ba chóir a bheith sa roinn seo:

- réasúnaíocht leis an ngníomhaíocht coirp a roghnú
- athbhreithniú achomair ar an teoiric agus ar an taighde maidir léi is ábhartha do na príomhchoincheapa riachtanacha.

Roinn B: Plean an tionscadail agus an modh chun plé leis an tionscadal

(thart ar 400 - 500 focal)

A leithéid seo de bhreithnithe ba chóir a bheith sa roinn seo:

- Aidhmeanna an tionscadail
- Amlíne le haghaidh plé leis an tionscadal
- Breac-chuntas ar an modh ar a bpléifear leis an ngníomhaíocht coirp atá roghnaithe chun na príomhchoincheapa a iniúchadh.

Roinn C: Plé le gníomhaíochtaí coirp, meastóireacht, anailís agus taifeadadh

(thart ar 800 – 900 focal)

Sa roinn seo, tabharfar fianaise ar phlé, ar anailís agus ar mheastóireacht bunaithe ar an ngníomhaíochta coirp atá roghnaithe, mar a shonraítear i **Roinn 5**. Ba chóir iad seo a leanas a bheith san áireamh:

- Fianaise gur pléadh leis an ngníomhaíocht coirp, agus fianaise físeáin mar thacaíocht
- Anailís chriticiúil agus meastóireacht ar na príomhchoincheapa ábhartha mar a bhaineann siad leis an ngníomhaíocht coirp atá roghnaithe.

Roinn D: Torthaí agus tátail an tionscadail

(thart ar 400 - 500 focal)

Ba chóir iad seo a leanas a bheith sa roinn seo:

- Príomhthorthaí; an gaol idir na príomhchoincheapa ábhartha agus an ghníomhaíocht coirp a roghnaíodh, bunaithe ar thorthaí a tháinig as an bplé leis an ngníomhaíocht coirp; meastóireacht; anailís; agus taifeadadh; mar a shonraítear i **Roinn 5**.
- Naisc leis na coincheapa teoiriciúla ábhartha.
- Ráitis deiridh atá ábhartha don ghníomhaíocht coirp a roghnaíodh agus do na príomhchoincheapa ábhartha, mar a shonraítear i **Roinn 5**
- Machnamh ar a éifeachtaí a bhí plean an tionscadail agus na modhanna ar ar pléadh leis an tionscadal agus na teorainneacha a bhí leo, b'fhéidir.

Roinn E: Leabharliosta

Cuirfidh iarrthóirí i láthair sonraí tagartha iomlána do gach foinse a chuir leis an taighde agus leis an tuairisc scríofa ar an Tionscadal Corpoideachais. Cuimsíonn sé sin foinsí a luadh sa tuairisc agus cinn eile a léadh le linn an phróisis taighde agus a chuir leis an eolas agus leis na tuairimí a chuirtear in iúl sa tuairisc. Ní áireofar líon focal na roinne seo sa líon focal foriomlán.

Líon focal foriomlán agus íomhánna

Níor chóir níos mó ná **2,000 focal** san iomlán a bheith sa tuairisc ar an tionscadal, nó seans go gcaillfidh tú marcanna. Féadfaidh tú suas le **20 íomhá** a úsáid – grianghraif, graif, táblaí, léaráidí, etc., mar fhianaise ar an bplé a rinne tú leis an tionscadal. Féadfaidh tú iad sin a chur i roinn ar bith i do thuairisc ar an tionscadal. Focail ar bith a úsáidtear mar nótaí le híomhánna, cuirfear san áireamh iad sa líon focal foriomlán a shonraítear.

Ní foláir don fhianaise físeáin a bheith de réir na sonraí a leagtar amach i **Roinn 5**.

Ábhar taifeadta – ag teastáil chun tacú leis an tuairisc ar an tionscadal seo – Sampla

Le haghaidh an tSampla don Tionscadal Corpoideachais, agus mar a leagtar amach i **Roinn 5** den choimre seo, ní mór duit ábhar taifeadta a chur isteach a mhairfidh **2 nóiméad** ar a mhéad. Ní foláir don ábhar taifeadta sin a bheith ábhartha don phlé leis an ngníomhaíocht coirp a roghnaigh tú, agus ní foláir é a thaifeadadh i ranganna Corpoideachais. Tá cead úsáid chuí a bhaint as guthú agus fotheidil ghearra san fhíschomhad a fhad agus go bhfuil siad ábhartha do na príomhchoincheapa ábhartha agus go gcuireann siad le fiúntas na tuairisce ar an tionscadal.

Ní foláir do d'fhíseán a bheith i **bhformáid MP4** agus gan bheith níos mó ná 1GB ó thaobh méide de. Is féidir é sin a dhéanamh go héasca ach gnáthghléine (720 x 480) ag 25 fhráma in aghaidh an tsoicind a úsáid. Féadfar pionóis a ghearradh ort má tá an físeán rófhada nó rómhór.

Aon taispeántais gníomhaíochta coirp a úsáidtear sa tionscadal seo, ba chóir iad a thaifeadadh i rang Corpoideachais, faoi mhaoirseacht an mhúinteora Corpoideachais. Ba chóir na taifeadtaí sin a choinneáil sa scoil freisin ar eagla go mbeidh gá leo chun bailíochtú a dhéanamh.

Ní foláir an t-ábhar sin a chur faoi bhráid CSS de réir na dtreoracha a thugtar sa choimre seo.

7. Leithdháileadh na Marcanna

Gabhann 300 marc san iomlán leis an Tionscadal Corpoideachais. Nuair a mharcálfar do chuid oibre, cuirfear critéir mheasúnaithe i bhfeidhm, agus leithdháilfear marcanna de réir mar a leagtar amach thíos:

Critéir		Marcanna
Roinn A **agus** **Roinn B**	• Réamhrá agus athbhreithniú ar na coincheapa teoiriciúla • Plean an tionscadail agus an modh chun plé leis an tionscadal	70 marc
Roinn C	Plé le gníomhaíochtaí coirp, meastóireacht, anailís agus taifeadadh	140 marc
Roinn D	Torthaí agus tátail an tionscadail	70 marc
Roinn E	Leabharliosta	
***Leanúnachas foriomlán agus cumarsáid**	Cuirfear tosca den sórt seo san áireamh anseo: • Plé leis na príomhchoincheapa ábhartha agus leis an ábhar spreagtha • Ábharthacht do ghníomhaíochtaí coirp • Forbairt na bpointí • Leanúnachas agus cur in iúl na smaointe • Tagairtí ábhartha	20 marc
Marcanna iomlána		**300 Marc**

**Ní roinn ar leith den tuairisc ar an tionscadal leanúnachas foriomlán agus cumarsáid.*

Admhálacha

- https://www.google.com/url?sa=t&source=web&rct=j&url=https%3A%2F%2Fstock.adobe.com%2Fsearch%3Fk%3Dsports&ved=0CBYQjRxqGAoTCKiSy5HGypUDFQAAAAAdAAAAABCFAQ&opi=89978449